



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2016**

**Scéim Mharcála**

**Gaeilge**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar I (160 marc)**

**CEIST 1 - CLUASTUISCINT - 60 marc**

- (i) Tuiscint = 60 marc  
(ii) Cumas Gaeilge - ( 0-6) marc  
(iii) **Iomlán** =

**Cuid A: 24 marc (Eolas)**

Fógra 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc  
Fógra 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc  
  
12 + 12 = **24 marc**

**Cuid B: 24 marc (Eolas)**

Comhrá 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc  
Comhrá 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc  
  
12 + 12 = **24 marc**

**Cuid C: 12 mharc (Eolas)**

Píosa 1: 3 mharc x 2 = 6 mharc  
Píosa 2: 3 mharc x 2 = 6 mharc  
  
6 + 6 = **12 mharc**

**24 + 24 + 12 = 60**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

## Triail Chluastuisceana

### Téipscript

#### CUID A

##### Fógra 1 (Canúint Uladh)

Seo fógra ón eagraíocht **Conradh na Gaeilge**. A mhúinteoirí, beidh lá speisialta do scoláirí dara leibhéal ar siúl ar an gcúigiú lá déag de mhí na Samhna. **Gaeilge 24** an t-ainm a bheidh ar an lá speisialta seo. Is é is aidhm leis an lá seo ná scoláirí dara leibhéal a bheith ag labhairt as Gaeilge amháin ar feadh 24 uair an chloig. Má tá suim agaibh bhur gcuid scoláirí a chlárú don dúshlán seo, is féidir gach eolas a fháil ó oifig Chonradh na Gaeilge ag an uimhir (01) 476408. Beidh táille €10 le híoc ag gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa dúshlán seo. Bainfidh Conradh na Gaeilge úsáid as an airgead a bhaileofar chun imeachtaí cultúrtha a eagrú ar fud na tíre. Gheobhaidh gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa lá speisialta seo t-léine. Déanaigí deifir, a mhúinteoirí, is é an Luan seo chugainn an lá deireanach le scoláirí a chlárú don dúshlán seo.

##### Fógra 2 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh do scoláirí sa séú bliain. Ar mhaith libh a bheith ag obair i dtionscal na meán cumarsáide? Tá cúrsa céime againn daoibh - Céim sa Chumarsáid agus sa Ghaeilge. Mairfidh an cúrsa seo ceithre bliana. Beidh sé ar siúl in Acadamh na hOllscolaíochta ar an gCeathrú Rua. Múinfeadh scileanna craoltóireachta agus iriseoireachta i rith an chúrsa. Sa tríú bliain, beidh deis agaibh dul i mbun taithí oibre sna meáin Ghaeilge, ag obair le TG4 nó le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Fiche áit atá ar fáil ar an gcúrsa.

#### CUID B

##### Comhrá 1 (Canúint na Mumhan)

###### An Chéad Mhír

**Clíona:** Haigh, a Sheáin. Ní fhaca mé le tamall thú. An bhfuil scrúduithe an tSamhraidh críochnaithe agat fós?

**Seán:** Tá, buíochas le Dia. Chríochnaigh mé Dé hAoine seo caite iad.

**Clíona:** Cad a cheap tú de na scrúduithe, a Sheáin?

**Seán:** Ó, a Chlíona, bhí siad an-deacair. Tá aiféala orm anois i ndiaidh na scrúduithe mar ní dhearna mé go leor staidéir sa chúigiú bliain.

**Clíona:** Bhí bliain iontach agamsa, a Sheáin. Baineann dhá bhuntáiste leis an Idirbhliain, dar liom - an clár leathan oideachais agus an bhéim ar an bhforbairt phearsanta.

**Seán:** An ndeachaigh sibh ar mhórán turas?

**Clíona:** Chuaigh.

**Seán:** Inis dom faoi na turais sin.

**Clíona:** Bhí ceithre lá iontacha againn in ionad eachtraíochta in Acaill, Co. Mhaigh Eo. Agus chaitheamar deireadh seachtaine sa Ghaeltacht i mBaile Bhuirne.

### **An Dara Mír**

**Seán:** Abair liom, a Chlíona, cén chuimhne is mó atá agat ar an Idirbhliain?

**Clíona:** Ó, an choicís a chaith mé ag obair le páistí óga san India. Chuaigh daichead againn ón Idirbhliain ag obair leis an bhFondúireacht Hope.

**Seán:** Cén obair a rinne sibh amuigh ansin, a Chlíona?

**Clíona:** Bhímis i mbunscoil ar maidin ag cabhrú leis na múinteoirí. I ndiaidh an lóin ansan, bhímis ag rince agus ag canadh leis na páistí.

**Seán:** Go hiontach ar fad, a Chlíona. An raibh oraibh airgead a bhailiú roimh ré?

**Clíona:** Bhí feachtas bailithe airgid againn sa scoil, agus bhailíomar €20,000.

**Seán:** Comhghairdeas libh. Gaisce ba ea é. Cad iad na himeachtaí a eagraíodh?

**Clíona:** Eagraíodh díolacháin chistí, ceolchoirm agus comórtas camógaíochta. Bhí gach rang páirteach i mbailiú an airgid.

**Seán:** Cad a ceannaíodh leis an airgead sin?

**Clíona:** Ceannaíodh trealamh spóirt, ríomhairí agus bréagáin leis agus thógamar iad ar fad linn.

**Seán:** Tá aiféala orm anois, a Chlíona, nach ndearna mé féin an Idirbhliain.

**Clíona:** Tá sé ródhéanach anois, a Sheáin. Caithfidh mé imeacht. Bain taitneamh as laethanta saoire an tSamhraidh.

## Comhrá 2 (Canúint Chonnacht)

### An Chéad Mhír

#### An fón ag bualadh

**Liam:** Haigh, a Mháire. Bhí mé ag gaoch ort aréir. Ach ní raibh tú sa bhaile.

**Máire:** Ní raibh, a Liam. Bhí mé thíos ag an gclub rugbaí. Bhí mé ag traenáil don chluiche craoibhe faoina naoi déag a bheidh ar siúl Dé Sathairn.

**Liam:** Agus an bhfuair tú d'áit ar an bhfoireann, a Mháire?

**Máire:** Fuair, buíochas le Dia. Bhí mé an-neirbhíseach mar bhí eagla orm nach bhfaighinn áit ar an bhfoireann. Lig mé scread asam nuair a ghlaigh an bainisteoir amach m'ainm.

**Liam:** Maith thú, a Mháire. An raibh tú ag féachaint ar Chorn an Domhain sa Rugbaí ar an teilifís le cúpla seachtain anuas?

**Máire:** Bhí, gan dabht, a Liam.

**Liam:** Ó bhí an comórtas sin go hiontach, dar liom. Bhí sé eagraithe go han-mhaith; bhí an imirt ar fheabhas, agus bhí lucht leanúna na náisiún go léir an-chairdiúil lena chéile.

**Máire:** Agus d'imir foireann na hÉireann go maith nuair a bhí an bua iontach acu ar an bhFrainc.

### An Dara Mír

**Liam:** Tar éis an bhua sin ar an bhFrainc, bhí dóchas mór ann go mbuafaidís ar an Airgintín sa chluiche ceathrú ceannais.

**Máire:** Bhí, cinnte. Chaill siad ar an drochuair ach throid siad go dtí an deireadh.

**Liam:** Tá an ceart agat, a Mháire. Bhí imreoirí na hAirgintíne an-tapaigh ar fad. Bhí droch-thús ag foireann na hÉireann mar scóráil an Airgintín dhá úd go luath sa chluiche.

**Máire:** Chomh maith leis sin, bhí Éire faoi mhíbhuntáiste. Bhí cuid de na himreoirí ab fhearr gortaithe, agus cuid eile acu ar fionraí, agus ní raibh siad ar fáil don chluiche sin.

**Liam:** Ba mhór an chaill é Paul O'Connell ar an lá.

**Máire:** Ba mhór cinnte. Laoch ceart is ea é. Nár bhronn Ollscoil Luimnigh céim oinigh air anuraidh?

**Liam:** Bhronn. Tá baint aige le hOllscoil Luimnigh le fada an lá. Théadh sé ag snámh sa linn snámha san ollscoil agus é ina leaid óg. Thosaigh sé ar chéim san innealtóireacht ríomhaireachta tar éis an scoil a fhágáil ach ansin chuaigh sé ag imirt rugbaí go gairmiúil.

**Máire:** Is Ambasadóir iontach é ar son na hollscoile agus ar son chathair Luimnigh.

## CUID C

### Píosa 1 (Canúint Uladh)

Cheadaigh Aire Stáit na Gaeltachta deontas airgid don ghrúpa *An Crann Óg* as Gaeltacht Dhún na nGall. Ceoltoírí agus amhránaithe as paróiste Ghaoth Dobhair iad, atá ag cur beocht nua i gceol traidisiúnta na háite. Sa bhliain dhá mhíle is a seacht, chuir an Comharchumann áitiúil campa samhraidh ar siúl do dhaoine óga chun eolas a thabhairt dóibh ar cheol agus ar amhráin na háite. D'fhás an grúpa *An Crann Óg* as an gcampa sin. Bhí an grúpa ceoil seo gnóthach sa bhliain 2015. I samhradh na bliana sin rinneadh físeán ag cur síos ar a gcuid ceoil. Ansin ag Oireachtas na Samhna i mBaile Átha Cliath sheol an grúpa dlúthdhiosca nua.

### Píosa 2 (Canúint na Mumhan)

Fuair Micheál Ó Cearna bás i mí Lúnasa seo caite. Rugadh ar an mBlascaod Mór é sa bhliain míle naoi gcéad fiche. D'fhág sé an Blascaod Mór agus é ina fhear óg. Tar éis tamaill i mBaile Átha Cliath, bhog sé go Springfield Massachusetts, áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol. Moladh Micheál go mór nuair a fuair sé bás mar níor thug sé a chúl riamh lena chultúr ná lena mhuintir féin. Bhí páirt mhór aige san fheachtas chun an t-ionad cuairteoirí, Ionad an Bhlascaoid Mhóir, a oscailt i nDún Chaoin. Tá cur síos ar stair, ar thraidisiúin agus ar litríocht na n-oileánach le feiceáil sna taispeántais san ionad seo. Chomh maith leis sin, bhí baint mhór ag Micheál le cúrsaí cultúir in Springfield. Bhíodh sé ag múineadh ranganna Gaeilge ann.

## *Cuid A (24 marc)*

### FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén t-ainm a bheidh ar an lá speisialta seo?	Gaeilge 24	<b>3 mharc</b>
Cén uimhir theileafóin atá ag oifig Chonradh na Gaeilge?	(01) 476408	<b>3 mharc</b>
	(01) 1 mharc 476408 2 mharc	
Cad a gheobhaidh gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa lá speisialta seo?	T-léine	<b>3 mharc</b>
	Léine	<b>0</b>
Cad é an lá deireanach le scoláirí a chlárú don dúshlán seo?	An Luan seo chugainn	<b>3 mharc</b>
	An Luan	<b>2 mharc</b>

## FÓGRA A DÓ (12 mharc)

1. Cá fhad a mhairfidh an cúrsa seo? **3 mharc**  
Ceithre bliana = 3 mharc  
4 bliana = 3 mharc
2. (a) Scríobh síos **dhá** áit a mbeidh taithí oibre le fáil sa tríú bliain. **3 mharc + 3 mharc**  
Sna meáin Ghaeilge = 3 mharc  
TG4 = 3 mharc  
(RTÉ) Raidió na Gaeltachta = 3 mharc  
R na G = 3 mharc  
Sna meáin = 2 mharc  
Teilifís = 1 mharc  
Raidió = 1 mharc  
RTÉ = 1 mharc
- (b) Cé mhéad áit atá ar fáil ar an gcúrsa? **3 mharc**  
Fiche = 3 mharc  
20 = 3 mharc

## Cuid B (24 marc)

### COMHRÁ A hAON (12 mharc)

#### *An Chéad Mhír*

1. Cathain a chríochnaigh Seán scrúduithe an tsamhraidh? **3 mharc**  
Dé hAoine seo caite = 3 mharc  
Dé hAoine = 2 mharc
2. Cad a cheap Seán de na scrúduithe? **3 mharc**  
Bhí siad an-deacair = 3 mharc

#### *An Dara Mír*

1. Cá fhad a chaith Clíona ag obair le páistí óga san India? **3 mharc**  
Coicís = 3 mharc
2. Scríobh síos rud **amháin** a ceannaíodh leis an airgead. **3 mharc**  
Trealamh spóirt = 3 mharc  
Ríomhairí = 3 mharc  
Bréagáin = 3 mharc



## COMHRÁ A DÓ (12 mharc)

### *An Chéad Mhír*

1. Cá raibh Máire aréir? **3 mharc**  
Ag an gclub rugbaí = 3 mharc  
Ag traenáil = 3 mharc  
Ag an gclub = 1 mharc
2. Cad a rinne Máire nuair a ghlaoigh an bainisteoir amach a hainm? **3 mharc**  
Lig sí scread aisti = 3 mharc

### *An Dara Mír*

1. Cad a dúirt Liam faoi imreoirí na hAirgintíne? **3 mharc**  
Bhí siad an-tapaídh = 3 mharc  
Scóráil siad dhá úd = 3 mharc  
Scóráil siad = 1 mharc
2. Cad a bhíodh ar siúl ag Paul O'Connell in Ollscoil Luimnigh agus é ina leaid óg? **3 mharc**  
Ag snámh (sa linn snámha ann) = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

### PÍOSA A hAON (6 mharc)

1. Cén t-ainm atá ar an ngrúpa a luaitear sa phíosa seo? **3 mharc**  
An Crann Óg = 3 mharc
2. Cad a sheol an grúpa seo ag Oireachtas na Samhna i mBaile Átha Cliath? **3 mharc**  
Dlúthdhiosca = 3 mharc

## PÍOSA A DÓ (6 mharc)

1. Cathain a fuair Micheál Ó Cearna bás? **3 mharc**

I mí Lúnasa seo caite = 3 mharc

I mí Lúnasa = 2 mharc

2. Cad a bhíodh ar siúl ag Micheál Ó Cearna in Springfield? **3 mharc**

Ag múineadh ranganna Gaeilge = 3 mharc

Ag múineadh Gaeilge = 3 mharc

Cúrsaí cultúir = 3 mharc

Ag múineadh = 2 mharc

Ranganna Gaeilge = 2 mharc

Ranganna = 1 mharc

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) =

Móriomlán (60) =

**CUID II – CEAPADÓIREACHT – (100 marc)**

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

Tasc = 2 mharc

Ábhar = 8 marc = 50 marc x 2

Cumas Gaeilge = 40 marc

**= 100 marc**

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha) (= 40%)

**agus**

(ii) Beachtas = Cruinneas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoinsint...) (= 50%) agus litriú (= 10%)

[(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

[Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar. **Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem.**]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =

Á (Ábhar) (8) =

G (Gaeilge) (40) =

**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT -**

**100 marc**

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A – (50 marc)**

**Laoch ag Imeacht agus Laoch ag Teacht**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá 3 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 2 mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Cathain a fuair Maureen O’Hara bás? (Alt 1) **5 marc**
- Fuair Maureen O’Hara bás ar an 24 Deireadh Fómhair = 5 marc
  - Mí Dheireadh Fómhair seo caite = 5 marc
  - Bhí beirt aisteoirí móra ón tír seo sa nuacht i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Fuair Maureen O’Hara bás ar an 24 Deireadh Fómhair = 5 marc
  - Deireadh Fómhair = 0
- (b) Cén fáth a raibh Saoirse Ronan á moladh go mór sna meáin chumarsáide? (Alt 1) **5 marc**
- Bhí an t-aisteoir óg Saoirse Ronan á moladh go mór sna meáin chumarsáide as a páirt sa scannán nua *Brooklyn* = 5 marc
  - Bhí an t-aisteoir óg Saoirse Ronan á moladh go mór sna meáin chumarsáide as a páirt sa scannán nua = 3 marc
2. (a) Cad a thosaigh Maureen O’Hara agus í an-óg? (Alt 2) **5 marc**
- Thosaigh sí ag aisteoireacht in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath nuair a bhí sí an-óg = 5 marc
  - Thosaigh sí ag aisteoireacht in Amharclann na Mainistreach = 5 marc
  - Thosaigh sí ag aisteoireacht = 3 marc
- (b) Cén pháirt thábhachtach a bhí ag Charles Laughton i saol Maureen mar aisteoir? (Alt 2) **5 marc**
- Thóg sé go Los Angeles í agus fuair sé páirteanna i scannáin éagsúla di = 5 marc
  - Thóg sé go Los Angeles í = 3 marc
  - Fuair sé páirteanna i scannáin éagsúla di = 3 marc

3. (a) Cén **dá** chontae ina ndearnadh cuid mhór den scannán *The Quiet Man*? (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

- I gContae na Gaillimhe agus i gContae Mhaigh Eo = 3 mharc + 2 mharc  
Contae **amháin** ceart = 3 mharc

(b) Scríobh síos **dhá** chúis ar éirigh go maith leis an scannán *The Quiet Man* sna Stáit Aontaithe. (Alt 3) **5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = 3 mharc; an dara cúis atá ceart = 2 mharc

- Thaitin an scéal grá leis na daoine agus cheap siad go raibh na radhairc d'áiteanna in Éirinn ar fheabhas ar fad = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc
- Thaitin an scéal grá leis na daoine = 3 mharc **nó** 2 mharc
- Cheap siad go raibh na radhairc d'áiteanna in Éirinn ar fheabhas ar fad = 3 mharc **nó** 2 mharc

4. (a) Cad a rinne Saoirse Ronan nuair a bhí sí trí bliana d'aois? (Alt 4) **5 mharc**

- Bhog sí go hÉirinn lena tuismitheoirí = 5 mharc
- Bhog sí go hÉirinn = 5 mharc

(b) Cad a dúirt Saoirse tar éis di an scannán *Atonement* a dhéanamh? (Alt 4) **5 mharc**

(Tar éis di an scannán sin a dhéanamh), dúirt sí go raibh sí cinnte gur mhaith léi a saol a chaitheamh ag obair mar aisteoir = 5 mharc

5. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi shaol Eilis Lacey in Brooklyn sula dtagann drochscéal as Éirinn. (Alt 5)

An chéad pointe eolais atá ceart = 3 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 2 mharc

**Dhá** pointe eolais as an liosta seo = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc

- Téann sí ar imirce go Brooklyn
- Bíonn sí an-uaigneach ann ar dtús
- Tar éis tamaill, titeann sí i ngrá (le fear óg as teaghlach Iodálach)

(b) Cad a dhéanann Eilis ag deireadh an scannáin *Brooklyn*? (Alt 5) **5 mharc**

- Téann sí ar ais go Brooklyn agus go dtí a grá geal = 5 mharc
- Téann sí ar ais go Brooklyn = 3 mharc
- Téann sí ar ais go dtí a grá geal = 3 mharc

**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cúí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

E (50) =  
G (0-5) = -  
Iom =

**B – (50 marc)**

**Ceiliúradh i gCathair Phort Láirge**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá 3 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 2 mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Scríobh síos **dhá** chúis ar roghnaigh na Lochlannaigh ceantar Phort Láirge mar áit chónaithe. (Alt 1) **5 mharc = 3 mharc + 2 mharc**
- An chéad chúis atá ceart = 3 mharc; An dara cúis atá ceart = 2 mharc
- Roghnaigh siad ceantar Phort Láirge mar áit chónaithe mar bhí sé cois farraige agus bhí an talamh go maith = 5 mharc
- 3 mharc ar an gcéad chúis cheart + 2 mharc ar an dara cúis cheart = **5 mharc**
- Bhí sé cois farraige
  - Bhí an talamh go maith
- (b) Cad atá le feiceáil sa mhúsaem i dTúr Raghnaill anois? (Alt 1) **5 mharc**
- Tá taispeántais agus grianghraif ann anois a thaispeánann stair an cheantair = 5 mharc
  - Taispeántais agus grianghraif = 5 mharc
  - Stair an cheantair = 5 mharc
  - Taispeántais = 3 mharc
  - Grianghraif = 3 mharc
2. (a) Cén fáth ar inis John Condon bréag faoina aois? (Alt 2) **5 mharc**
- Nuair a bhí sé ina ógánach bhí sé ag iarraidh dul isteach san arm ach bhí sé ró-óg = 5 mharc
  - D'inis sé bréag faoina aois, agus glacadh leis san arm = 5 mharc
  - Bhí sé ag iarraidh dul isteach san arm = 3 mharc
- (b) Cad a tharla do John Condon i gcath Ypres? (Alt 2) **5 mharc**
- Maraíodh é in ionsaí gáis i gcath Ypres sa Bheilg sa bhliain 1915 = 5 mharc
  - Maraíodh é in ionsaí gáis = 5 mharc
  - Maraíodh é = 3 mharc
3. (a) Cad atá ar siúl sa Fhrainc na laethanta seo? (Alt 3) **5 mharc**
- Tá foireann sacair Phoblacht na hÉireann ag imirt i gCorn na hEorpa sa Fhrainc na laethanta seo = 5 mharc
  - Tá Corn na hEorpa ar siúl sa sacar = 5 mharc
  - Tá Corn na hEorpa ar siúl = 5 mharc
  - Corn na hEorpa = 5 mharc

(b) Cad a rinne John O'Shea sa bhliain 1998? (Alt 3) **5 mharc**

- Sa bhliain 1998 thosaigh sé ag imirt le Manchester United = 5 mharc
- Thosaigh sé ag imirt le Manchester United = 5 mharc
- Ag imirt le Manchester United = 5 mharc

4. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin bhféile mhór "Spraoi" i bPort Láirge. (Alt 4) **5 mharc**  
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad píosa eolais atá ceart = 3 mharc; an dara píosa eolais atá ceart = 2 mharc

Na pointí seo a leanas:

- Bíonn féile mhór ar siúl i bPort Láirge gach aon bhliain
- Bíonn sí ar siúl ar feadh trí lá
- Bíonn sí ar siúl i mí Lúnasa
- Tagann na sluaite daoine
- Tagann na sluaite daoine ag féachaint ar dhrámaí, ar sheónna ceoil agus ar amhránaíocht ar na sráideanna
- Féachann siad ar dhrámaí
- Féachann siad ar sheónna ceoil
- Féachann siad ar amhránaíocht ar na sráideanna
- Bíonn atmaisféar bríomhar sa chathair le linn na féile

(b) Cén fáth a mbeidh imeachtaí cuimhneacháin ar siúl i bPort Láirge i mbliana? (Alt 4) **5 mharc**

- Beidh imeachtaí cuimhneacháin ar siúl i bPort Láirge i mbliana in onóir na ndaoine ón gcathair a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca sa bhliain 1916 = 5 mharc
- In onóir na ndaoine ón gcathair a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca = 5 mharc

5. (a) Cén fáth a dtagadh a lán cuairteoirí go dtí an mhonarcha criostail i bPort Láirge? (Alt 5) **5 mharc**

- Thagadh a lán cuairteoirí go dtí an mhonarcha criostail ag ceannach píosaí **agus** ag cur eolais ar cheird an chriostail = 5 mharc (Tá an dá rud - ag ceannach píosaí **agus** ag cur eolais ar cheird an chriostail ag teastáil chun 5 mharc a bhronnadh ar an bhfreagra.)
- Ag ceannach píosaí = 3 mharc
- Ag cur eolais ar cheird an chriostail = 3 mharc

(b) Cad a tharla don mhonarcha criostail sa bhliain 2009? (Alt 5) **5 mharc**

Dúnadh an mhonarcha criostail sin sa bhliain 2009 = 5 mharc



**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cúí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

E (50) =  
G (0-5) = -  
Iom =

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) **Dís**

Freagair na ceistanna seo a leanas faoin ghearrscéal *Dís*.

- (i) Cén fáth a raibh bean Sheáin míshásta le Seán i dtús an ghearrscéil? (5 marc)  
(2 marc ar lomphointe eolais agus 3 marc ar fhorbairt)
- (ii) Cén toradh a bhí ar an tsuirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar? (5 marc)  
(2 marc ar lomphointe eolais agus 3 marc ar fhorbairt)
- (iii) Conas a mhothaigh bean Sheáin an mhaidin ar tháinig bean an tsuirbhé chuig an teach?  
Tabhair **dhá** chúis ar mhothaigh sí mar sin. (5 marc)  
(Mothúchán = 1 marc; **Dhá** chúis = 2 marc + 2 marc)
- (iv) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais fúithi féin a d'inis bean an tsuirbhé do bhean Sheáin.  
(5 marc)  
(**Dhá** píosa eolais = 2 marc + 3 marc)
- (v) Ar thaitin Seán leat sa ghearrscéal seo? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.  
(5 marc)

Thaitin / Níor thaitin = 1 marc

**Dhá** fháth = 2 marc + 2 marc

(25 marc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

- (b) Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.

### **Cáca Milis**

Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán *Cáca Milis* ón uair a thagann Paul isteach ar an traein go dtí deireadh an scannáin. (25 marc)

5 phointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais.

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## **NÓ**

### **An Lasair Choille**

Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma *An Lasair Choille* ón uair a thagann Míoda isteach i dteach Mhicil go dtí deireadh an dráma. (25 marc)

5 phointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais.

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

<b>B</b>	<b>– PRÓS ROGHNACH –</b>	<b>(50 marc)</b>
----------	--------------------------	------------------

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é an príomhthéama sa gearrscéal sin, dar leat? Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa gearrscéal a léiríonn an príomhthéama sin. (23 marc)

Príomhthéama an gearrscéil = 3 mharc

4 phointe eolais ag teastáil (5 mharc an ceann) = 20 marc  
(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 mharc ar fhorbairt)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an ghearrscéil = **1** mharc

Ainm an údair = **1** mharc

**(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

**(23 marc)**

**5** phointe eolais ag teastáil (**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile.)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt

**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an scannáin = **1** mharc

Ainm an scríbhneora = **1** mharc

**(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## **NÓ**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

**5** phointe eolais ag teastáil (**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile.)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt

**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt.

**(23 marc)**

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dráma = **1** mharc

Ainm an scríbhneora = **1** mharc

**(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

## (a) Géibheann

- (i) Tabhair **dhá** phointe eolais i **d'fhocail féin** faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 1-8 den dán. **(8 marc)**

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** Leon; tíogar; ainmhí fiáin (ó cheann de na tíortha in aice leis an meánchiorcal); é bródúil, cumhachtach, sásta, láidir, mór; na crainn ar crith nuair a thosaigh sé ag béiceadh agus ag búireadh; bhí sé saor anois; bhí sé cáiliúil mar bhí sé go hálainn; meas ag daoine air...

**Nota:**

Línte cuí díreach ón dán (línte 1-8) gan rian an iarrthóra ar na pointí eolais = 2 mharc + 2 mharc

- (ii) Cén sórt saoil atá ag an ainmhí anois? Tabhair **dhá** phointe eolais i **d'fhocail féin** faoin saol sin. **(8 marc)**

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** Saol uaigneach, brónach, olc, uafásach...; é in ísle brí; bhí frustrachas ag baint lena shaol; éadóchasach; níl saoirse aige; tá sé tuirseach; é ina phríosúnach sa zú; é faoi ghlas sa chás taobh thiar de na barraí iarrainn; suíonn sé síos sa chás; féachann sé amach trí shúil amháin ar chrann taobh amuigh den chás; tagann a lán daoine ar cuairt chuige; níl sé sásta leis na cuairteoirí mar ní osclaíonn siad a chás chun é a scaoileadh amach...

**Nóta:**

Línte cuí díreach ón dán (línte 9-17) gan rian an iarrthóra orthu mar phointí eolais = 2 mharc + 2 mharc

- (iii) An bhfuil trua agat don ainmhí sa dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) **(9 marc)**

Tá / Níl = 1 mharc

**Dhá** fháth = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** Tá trua agam don ainmhí. Tá sé cosúil le príosúnach; chaill sé a shaoirse; tá sé míshásta; tá sé tinn tuirseach dá shaol; tá codarsnacht idir an dá chinéal saoil; níl na cuairteoirí maith dó...

nó

Níl trua agam don ainmhí. Bhí sé fiáin uair amháin agus é ag cur eagla ar dhaoine...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

(b) An Spailpín Fánach

- (i) (a) Cén uair a bhíonn an spailpín “ag siúl an drúchta” i véarsa a haon?

2 mharc

**Freagraí Samplacha:** Go moch ar maidin = 2 mharc  
‘ag siúl an drúchta go moch ar maidin’ = 2 mharc  
Go moch = 1 mharc  
Ar maidin = 1 mharc

- (b) Scríobh síos an dá uirlis a gheobhaidh an spailpín i véarsa a haon.

2 mharc

**Freagraí Samplacha:** ‘Cleith is píc chun sáite’ = 2 mharc  
Cleith = 1 mharc  
Píc = 1 mharc

- (c) Cad a dhéanadh an spailpín i gCarraig na Siúire i véarsa a dó?

2 mharc

**Freagraí Samplacha:** ‘Do ghearrainn cúrsa leathan láidir’ = 2 mharc  
Ghearr sé na páirceanna = 2 mharc  
Ag baint an fhéir = 2 mharc

- (d) Cén rud a bhíonn á rá ag na daoine i nDurlas i véarsa a dó?

2 mharc

**Freagraí Samplacha:** Tá an spailpín ag teacht = 2 mharc  
‘Sin chu’ibh an spailpín fánach’ = 2 mharc

- (ii) Cén t-eolas a thugann an file dúinn faoi mhargadh na saoire i véarsa a trí?  
(Is leor **dhá** phointe eolais i **d’fhocail féin.**) (8 marc)

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** An spailpín ina shuí in aice leis an mballa; an spailpín ina ainniseoir ar thaobh na sráide; na bodairí ag teacht ar na capaill ag lorg oibrithe; cuireann siad ceist air an bhfuil sé fostaithe nó saor chun dul ag obair; ba mhaith leo dá n-imeodh sé leo; ullmhaíonn siad chun imeacht ón margadh mar tá turas fada le déanamh acu...

**Nóta:** Línte cuí díreach (línte 19-24) ón dán gan rian an iarrthóra orthu = 2 mharc + 2 mharc

- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. **(9 marc)**

An mothúchán is láidre = **1** mharc

**Samplaí:** Brón, briseadh croí, fearg, tuirse, míshásamh, dímheas, faoiseamh, áthas, bród...

**Dhá** shampla = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha:** Tá brón ar an spailpín / ar an bhfile mar níl dínit ar bith aige; bíonn sé tinn go minic; tá saol crua aige...

Tá fearg ar an spailpín / ar an bhfile mar bíonn sé ag obair go dian ar bheagán airgid...

**Nóta:** Línte cuí díreach ón dán gan rian an iarrthóra orthu = **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**B**

**– FILÍOCHT ROGHNACH –**

**(50 marc)**

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

- (a)** (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

**(9 marc)**

**Dhá** lompoinnte = **2** mharc (**1** mharc + **1** mharc)

Forbairt = **7** marc (**4** mharc + **3** mharc)

- (ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

**(7 marc)**

Atmaisféar a lua = **1** mharc

**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

**(7 marc)**

Is maith / Ní maith = **1** mharc

**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

**(2 mharc)**

Ainm an dáin = 1 mharc

Ainm an fhile = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

- (b)** (i) Maidir le **dán roghnach seanaimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad is téama don dán sin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán.

**(9 marc)**

Téama a lua = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

- (ii) Scríobh síos an íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán. Tabhair **dhá** phointe eolais faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin sa dán.

**(7 marc)**

Íomhá / Pictiúr = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 3 mharc + 3 mharc

- (iii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin sa dán.

**(7 marc)**

An mothúchán is láidre = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 3 mharc + 3 mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

**(2 mharc)**

Ainm an dáin = 1 mharc

Ainm an fhile = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]



## Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaithe ar na leatháin mharcála agus réiltín (\*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.

Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

### Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

### Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal; ...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

Cuirtar an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge. [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc.
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - an measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis. [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta. [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

<b>Aicme</b>	<b>Cur síos ar chatagóirí</b>	<b>Marc as 40</b>
Sármhaith Grád A	Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	34-40
An-mhaith Grád B	Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	28-33
Maith Grád C	Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	22-27
Maith go leor Grád D	Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach	16-21
Lag Grád E	Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	10-15
An-lag Grád F	Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4-9
Easnamhach N.G.	Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach	0-3

Ní mór don scrúdaitheoir “**SMM i bhfeidhm-scrúd.**” a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

**Leathanach Bán**

